

Tús na Scolaíochta

Treoir do Thuismitheoirí/Caomhnóirí Leanaí ag a bhfuil
Riachtanais Oideachasúla Speisialta

NCSE 2016



Sa doiciméad seo ciallaíonn an focal 'tuismitheoir' tuismitheoir nó caomhnóir an linbh.

Clár

Réamhrá	2
Céimeanna tábhachtacha um scolaíocht a phleanáil don leanbh	4
Céim 1: Roghnaigh an scoil	5
Céim 2: Fiosraigh cleachtais chláraithe na scoile	10
Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil	11
Céim 4: Bí ullamh don athrú	15
Eagraíochtaí cabhracha	20

Réamhrá

Ócáid mhór i saol an linbh is ea 'dul ar scoil' don chéad uair...

Ócáid mhór i saol an linbh is ea 'dul ar scoil' don chéad uair agus go nádúrtha beidh tusa, mar thuismitheoir, ag iarraidh tacú leis an leanbh chomh fada agus is féidir. De ghnáth bíonn imní ar thuismitheoirí faoin leanbh ag déileáil leis an scoil. Go háirithe i gcás leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta d'fhéadfadh breis ceisteanna a bheith acu.

Mar shampla, bheadh imní ort faoin bhfáilte a bheadh roimh leanbh ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta nó faoi ghlacadh leis an leanbh ar an gcéad dul síos? An mbeidh gá le tacaíocht bhreise teagaisc? An mbeidh an leanbh in ann aire a thabhairt dó/di féin ar scoil? An mbeidh an scoil in ann freastal ar riachtanais an linbh?

Cé go mbíonn leanbh ag freastal ar réamhscoil ardaítear na ceisteanna seo agus tuilleadh nuair a théann sé/sí ar an mbunscoil. Beidh a c(h)úrsaí féin ag cur isteach ar an leanbh agus beidh cabhair ag teastáil. Ar an dul céanna ba mhaith le scoileanna a bheith cinnte go bhfuiltear in ann freastal mar is cóir ar riachtanais leanaí chomh luath is a thagann siad isteach.

Treoir is ea an paimfléad seo mar chabhair um phleanáil sula dtéann an leanbh ar scoil.

Céimeanna tábhachtacha um scolaíocht a phleanáil don leanbh

Anseo thíos tá achoimre gearr ar na céimeanna a bhaineann le scolaíocht a phleanáil don leanbh. Beidh breis eolais agus comhairle ar fáil de réir a chéile sna ranna eile ar ball.

- Céim 1:** Roghnaigh an scoil – chomh luath agus is féidir
- Céim 2:** Fiosraigh cleachtais chláraithe na scoile
- Céim 3:** Pleanáil i gcomhar leis an scoil
- Céim 4:** Bí ullamh don athrú saoil duitse agus don leanbh

Céim 1: Roghnaigh an scoil

An chéad chinneadh atá le déanamh ná an scoil a roghnú agus is cinneadh mór é sin ag gach tuismitheoir. Ní mór smaoineamh go mall réidh ar riachtanais an linbh agus gach rogha a chur san áireamh.

Is gnáthach do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta freastal ar an mbunscoil áitiúil agus de réir taighde sin mar is fearr é ag tromlach na leanaí úd. Sna scoileanna lárshrutha ar fad bíonn múinteoir um riachtanais speisialta a chabhróidh le leanaí ag a mbíonn riachtanais fhoghlama. Féadfaidh gach aon scoil cur isteach ar thacaíocht mar theagasc breise agus/nó SNA má bhíonn gá leo do leanaí faoi mhíchumas. Tá córas iompar scoile ar fáil ag leanaí faoi mhíchumas má bhíonn gá leis chun freastal ar an scoil aitheanta is gaire don bhaile mar a leanas: scoil lárshrutha, rang speisialta/scoil speisialta a bhfuil nó a bhféadfaí teacht uirthi a bheidh oiriúnach do riachtanais oideachasúla speisialta an linbh.

Beidh líon beag tuismitheoirí, i gcás leanaí ag a bhfuil riachtanais chasta, ag iarraidh smaoineamh ar an bhfiúntas a bhainfeadh leis an leanbh a chur chuig **rang speisialta** i mbunscoil lárshrutha nó **scoil speisialta** (féach an mhír: Rogha Socruithe do Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta)

Téann formhór na leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta chuig an bunscoil áitiúil lárshrutha.

Cabhróidh na daoine seo a leanas leat maidir leis an gcinneadh:

- Príomh-Oide na scoile
- Má tá an leanbh bodhar nó dall nó má tá moill éisteachta nó lagú radhairc i gceist, b'fhéidir go bhféadfaí nasc a bhunú le Múinteoir Cuirte a bheadh in ann é/í a ullmhú do shaol na scoile.
- Tá lucht proifisiúnta sláinte ann (mar shampla, teiripeoirí FSS teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde, síceolaithe nó fisiteiripeoirí) a bheadh in ann an saghas oideachas a bheadh oiriúnach a mhíniú.
- Beidh an tEagraí áitiúil um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SENO) in ann eolas a thabhairt faoi na roghanna a bheidh ar fáil sa cheantar, mar shampla, ranganna lárshrutha, ranganna speisialta nó scoileanna speisialta. Bíonn seirbhís díreach ar fáil ó na SENO do thuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta agus do scoileanna laistigh de cheantair áirithe ainmnithe.

Reáchtálann an Chomhairle Náisiúnta um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (NCSE) cruinnithe do thuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta sa bhliain sula dtéann siad ar scoil. Deir thuismitheoirí linn go bhfaightear eolas úsáideach faoi na tacaíochtaí agus suímh éagsúla oideachais a bhíonn ar fáil. Beidh an SENO áitiúil nó an foireann FSS Gréasán Míchumais in ann a rá leat cathain a bheidh cruinniú ar siúl sa cheantar – tá na sonraí teagmhála ag bun an phaimfléid seo.

Mar thuismitheoirí leanbh ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ba chóir a bheith ag súil leis an méid seo a leanas:

1. Go bhfáilteofar roimh an leanbh
2. Go mbeidh eolas cuí ag na múinteoirí ar riachtanais oideachasúla speisialta
3. Go mbeidh fonn ar na múinteoirí a bheith ar an eolas faoi riachtanais phearsanta an linbh.

Reáchtálann NCSE cruinnithe do thuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta an bhliain sula dtéann siad ar scoil.

Agus scoil á roghnú agat d'fhéadfá:

1. Gach eolas a bhailiú faoi na scoileanna atá sa cheantar.
2. Liosta a dhéanamh do na cinn a gceapann tú a bheadh oiriúnach.
3. Gach scoil a fhiosrú go mion, labhairt le tuismitheoirí eile, féachaint ar shuímh idirlín agus labhairt le foirne réamhscoile.
4. Comhairle agus treoir a lorg ó lucht proifisiúnta a phléann leis an leanbh, an SENO áitiúil san áireamh.
5. An Treoir NCSE a léamh do Thuismitheoirí/Caomhnóirí Leanáí agus Daoine Óga ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta: Scoil a Roghnú.
Tá an treoir ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE ag: <http://ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2>.
6. D'fhéadfá cuairt a thabhairt ar scoil chun teacht ar thuairim faoi oiriúnacht na scoile sin. Is minic a bhíonn lá oscailte ag scoileanna nó d'fhéadfá coinne a dhéanamh leo. Is maith an rud é ceisteanna a scríobh síos ionas nach ndéanfar dearmad ar aon rud a bheadh ag déanamh imní duit.

Seo roinnt ceistanna a bheadh oiriúnach nó a bhféadfá smaoineamh orthu don chuairt scoile:

1. An mbeidh áit acu don leanbh?
2. Conas a thacófar leis an leanbh?
3. Mar thuismitheoir, conas is féidir liom cur leis an tacaíocht scoile?
4. Cen pháirt a bheidh ag an leanbh i ngníomhaíochtaí scoile/ranga le leanaí eile?
5. Beidh cógas leighis ag teastáil i rith an lae ar scoil, conas a shocrófar é sin?
6. Cén sórt teagmháil a dhéanann an scoil le thuismitheoirí?
7. An bhfuil duine faoi leith sa scoil a phléifidh liom i gcás aon deacrachtaí?
8. An mbeidh iompar speisialta scoile ar fáil más gá?

An bhfuil duine faoi leith sa scoil a phléifidh liom i gcás aon deacrachtaí?

Céim 2: Fiosraigh cleachtais chláraithe na scoile

Ach an scoil a bheith roghnaithe agat, an chéad rud eile ná cur isteach uirthi. Bíonn rialacha agus cleachtais difriúla ag scoileanna seachas a chéile maidir le leanaí a chur ar an rolla. Uaireanta bíonn sprioclá deiridh don chlárú. Inseoidh an príomh-oide duit nó beidh an t-eolas ar shuíomh idirlín na scoile.

Anois is arís bíonn deacrachtaí ag líon beag tuismitheoirí maidir le leanbh a chlárú sa bhunscoil áitiúil. Tharlódh sé seo dá mbeadh breis leanaí ag lorg áit anuas ar an líon áiteanna a bheadh ann sa scoil. Tharlódh sé freisin nach mbeadh áit ar fáil don leanbh i rang nó scoil speisialta.

Féadfar cabhair a lorg má tá a leithéid de dheacracht agat. Tá an tSeirbhís Leasa Oideachasúla ann do gach tuismitheoir. Gheofar na sonraí teagmhála ar shuíomh idirlín Tusla ag:

<http://www.tusla.ie/get-in-touch/education-and-welfare/>.

Toisc go bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag an leanbh, féadfar dul i dteagmháil leis an SENO áitiúil a bheidh in ann cabhrú leat. Gheofar na sonraí teagmhála ar shuíomh idirlín: <http://ncse.ie/seno-contact-list>.

Tá daoine ann a chabhróidh leat má bhíonn deacracht agat maidir le háit scoile a fháil dod leanbh.

Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil

Beidh seans níos fearr ag an leanbh ag tosú amach ar scoil má tharlaíonn pleanáil chúramach agus ullmhúchán roimh ré. A luaithe is a dheimhnítear an áit scoile ba chóir luí isteach láithreach ar ullmhú don chéad lá.

Is minic a eagraíonn an scoil cruinniú pleanála roimh ré sula dtagann leanbh ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ar scoil. Deachleachtas is ea é seo. Ag an gcruinniú ba chóir go mbeifeá féin ann mar thuismitheoir, mar aon leis an bpríomh-oide, an múinteoir ranga dá m'b'fhéidir é agus de réir gá, aon lucht proifisiúnta a bhain leis an leanbh go dtí sin.

Ag an gcruinniú pleanála beidh seans agat an tsúil atá agat d'oideachas an linbh a chur in iúl chomh maith le haon imní faoi leith atá ar an leanbh fhéin. Níor mhór freisin aon eolas a bheidh mar chabhair ag an scoil maidir le riachtanais a chur in iúl. San áireamh bheadh tuairiscí cuí ó lucht proifisiúnta (m.sh. ó síceolaithe, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde agus mar sin de) ionas go dtuigeann an scoil riachtanais an linbh ó thaobh buanna, cumas agus gá de. Ar an gcuma sin beidh an scoil in ann cinneadh a dhéanamh más gá maidir le polasaí a fhorbairt um scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla nó leighis speisialta m.sh. polasaí iompair nó dáileadh cógas leighis.

Ba mhaith an rud é d'fhoireann na scoile dul i gcomhar leis an lucht proifisiúnta a bhí ag plé leis an leanbh, orthusan bheadh múinteoirí cuairte dóibh siúd atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc nó bodhar/ar a bhfuil moill éisteachta, foireann réamhscoile, síceolaithe, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde nó fisiteiripeoirí agus mar sin de.

Má bhíonn aicíd ghéar leighis ar an leanbh, seans go mbeadh an scoil ag iarraidh labhairt leis an dochtúir. Lorgóidh an scoil cead uait fhéin ina leithéid de chás. Dá mba ghá d'fhéadfadh an lucht proifisiúnta úd cuairt a thabhairt ar an scoil chun oiriúnacht an tsuímh a mheas. Theastódh uait freisin a fháil amach cé a bheidh in ann teacht ar eolas príobháideach nó rúnda faoin leanbh.

Beidh an t-eolas úd ar fad mar áis mhór ag an scoil is iad ag ullmhú plean aonair tacaíochta don leanbh. Bíonn saghsanna difriúla pleananna ann mar shampla plean ginearálta tacaíochta, plean iompair, plean aonair foghlama, plean aonair oideachais, plean pearsanta foghlama agus mar sin de.

Ba chóir do thuismitheoirí agus scoileanna eolas cuí a thabhairt dá chéile mar áis phleanála do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.

Lá mór i saol an linbh is ea dul ar scoil don chéad uair – déan iarracht féinmhuinín a chothú sa leanbh trí chur ina luí air/uirthi go mbeifear in ann déileáil leis an scoil.

Mar is cúí, bheadh na gnéithe seo a leanas de riachtanais an linbh istigh sa phlean tacaíochta:

- Riachtanais fhoghlama
- Riachtanais sóisialta agus cumarsáide
- Riachtanais chúraim mar shampla éadaí, leithris, gluaiseacht agus cógas leighis
- Riachtanais cheadfaíocha mar leochaileacht maidir le gleo, tadhall, soilse
- Riachtanais fhisiciúla mar an láthair scoile a chur in oiriúint, suíocháin nó fearas eile speisialta a sholáthar. Más gá féadfaidh an scoil dul i gcomhairle le teiripeoirí ceirde agus/nó fisiteiripeoirí chun aon chur in oiriúint a shocrú.

Beidh sé soiléir sa phlean conas is féidir le tuismitheoirí dul i gcomhairle le duine faoi leith má bhíonn aon cheist nó ábhar imní acu. Is maith an rud é cur chuige dona leithéid a aontú roimh ré. Ba chóir don scoil modh a shoiléiriú chun eolas a bheidh i dtuairiscí proifisiúnta a chur ar aghaidh chuig múinteoirí.

Má bhíonn an scoil ag cur isteach ar bhreis tacaíochtaí don leanbh ón NCSE, lorgófar cead uait aon tuairiscí proifisiúnta cuí a chur isteach leis an iarratas. Ar na tacaíochtaí breise úd bheadh: teagasc acmhainne, córas iompair, teicneolaíocht chabhrach agus teacht ar thacaíocht ó chúntóir um riachtanais speisialta.

Seolann scoileanna iarratais leis chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fhoirgneamh scoile a chur in oiriúint, fearas speisialta agus mar sin de. Arís beidh cóipeanna tuairiscí proifisiúnta ón scoil lena seoladh leis an iarratas.

Mar thuismitheoir, féadfar cabhrú leis an scoil trí:

- Socrú a dhéanamh chun na tuairiscí proifisiúnta a bhaineann leis an leanbh a sheoladh ar aghaidh chuig an scoil, beidh siadsan uathu chun aon iarratas a dhéanamh má bhíonn an leanbh i dteideal teacht ar thacaíochtaí breise. Ar an gcuma san bheadh na tacaíochtaí ann sula dtéann an leanbh ar scoil an chéad lá.
- Cead a thabhairt don réamhscoil pé eolas atá acu faoin leanbh a chur aghaidh chuig an bunscoil – nithe a thaitníonn leis/léi nó a mhalairt, buanna agus gaiscí mar aon le modhanna ar éirigh leo mar thacaíochtaí foghlama.
- Do thaithí féin agus eolas ar an leanbh maidir le buanna, cumas, deacrachtaí agus modhanna foghlama. Bheadh an t-eolas úd an-úsáideach ar fad d'fhoireann na scoile a bheidh ag tosú ar phleanáil don leanbh.

Céim 4: Bí ullamh don athrú

Ní mór am a chaitheamh ag ullmhú don athrú. Caithfear deis a thabhairt don leanbh ullmhú don fhreastal ar scoil; ní mór tú féin a ullmhú don scaoileadh ionas go ligfear do neamhspleáchas éigin an linbh; caithfear aon socrú cuí a dhéanamh istigh sa scoil maidir le cur in oiriúint nó tacaíochtaí eile. Moltar go mór dul i gcomhairle go luath leis an scoil ionas go mbeidh pleanáil déanta agus tacaíochtaí ann sula dtéann an leanbh ar scoil an chéad lá.

Bíonn mórán leanaí ann agus a gcúiseanna féin inní acu maidir le dul ar scoil don chéad uair, go háirithe bheadh breis inní faoi athrú ar leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. Ba mhaith an rud é iad siúd a fháil amach. Bheadh inní air/uirthi faoi chairde nua; faoin gclós súgartha; faoi chúrsaí leithris; faoi choimeád suas le cúrsaí scoile. Bheadh eagla ar leanaí áirithe go mbeadh féarg ar an múinteoir muna bhfeadfaidís orduithe a thuiscint nó a leanúint.

Ní mór ligean do leanaí a bheith mar is dual dóibh, iad ag súgradh is ag baint sult as na laethanta saoire sula dtéann siad ar scoil don chéad uair!

Beidh seans go n-éireoidh go breá leis an leanbh ag tosú amach ar scoil ach planáil agus ullmhúchán a dhéanamh roimh ré.

Féadfaidh tusa, mar thuismitheoir, cabhrú leis an leanbh ar mórán slite maidir le trasnú go dtí an bunscoil. Is fíor, áfach, go gcaithfear cothromú a bhaint amach idir an t-ullmhú agus cur isteach air/uirthi trín iomarca béim a chur ar an scéal. Ní mór ligean do leanaí a bheith mar is dual dóibh, iad ag súgradh is ag baint sult as na laethanta saoire sula dtéann siad ar scoil don chéad uair. Tá roinnt smaointe faoi na cúrsaí céanna anseo thíos. Mar thuismitheoir, beidh tú in ann do rogha féin a bhaint astu.

Féadfar tacú leis an leanbh trí chomhrá a dhéanamh faoin scoil, éisteacht le haon imní a bhíonn air/uirthi agus a c(h)uid ceisteanna a fhreagairt. Féadfar freisin aon tacaíochtaí a mhíniú chomh maith le haon socruithe nua maidir le héide scoile, lón nó le gníomhaíochtaí tar éis scoile.

Déan iarracht bualadh le leanaí eile a bheidh ag tosú ar an lá céanna. Bí cinnte go n-aithneoidh an leanbh an scoil, taispeáin an scoil dó/di. Is fuirist é sin a dhéanamh trí thiomáint nó siúl thart agus a rá gurb í sin an áit a mbeidh sé/sí ag 'dul ar scoil'.

Is minic a bhíonn lá oscailte sa bhunscoil do scoláirí nua agus fós, in áiteanna, bheadh cuairt bhreise acu siúd ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta chun gur féidir leo teacht isteach ar an dtimpeallacht scoile. D'fhéadfaí cead a lorg grianghraif a thógáil den scoil, seomra ranga, bealach isteach, múinteoirí agus mar sin de. D'fhéadfaí iad a chur isteach i leabhrán nó i gcomhad beag agus a bheith ag caint fúthu i gcaitheamh an tsamhraidh.

Dean iarracht an neamhspleáchas a chothú sa leanbh chomh fada agus is féidir sula dtéitear ar scoil. Má bhíonn éide scoile i gceist, ceannaigh é go luath ionas go mbeidh sé/sí ag teacht isteach ar an gcuma atá air, ar an éadach a láimhseáil agus mar sin de. Cabhraigh leis/léi maidir le héisteacht le horduithe sa bhaile agus déanamh dá réir. Más féidir é bí cinnte go bhfuil sé/sí in ann dul ag an leithreas; cóta a bhaint, a chrochadh agus a chur air/uirthi; bosca lóin a oscailt is a dhúnadh. D'fhéadfaí smaoineamh freisin ar chumas an linbh an lón a chaitheamh ar scoil as a stuaim féin.

Ní bheidh imní ró-mhór ar an leanbh má thuigeann sé/sí cad a bheidh le déanamh ar scoil. D'fhéadfaí míniú a thabhairt ar sheasamh sa líne amuigh sa chlós agus cluichí a imirt de réir uainíochta. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí a chleachtadh mar mhíreanna mearaí, líníocht agus dathú ag an mbord. Ar an gcuma san bheadh sé/sí in ann suí ag binse agus díriú ar pé cleachtadh a bheadh ar bun.

Seo dhá shuíomh idirlín mar a bhfuil moltaí úsáideacha faoina leithéid de ghníomhaíochtaí:

- An mhír do thuismitheoirí in Aistear, an Curaclam Réamhscoile ag: www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Parents/Early_Childhood/Early_Childhood.html.
- Help My Kid Learn NALA ag: www.helpmykidlearn.ie. Suíomh úsáideach é seo do thuismitheoirí leanaí 0-12 bliain d'aois. Roinntear an t-eolas thar cúig aoisghrúpa ar leith: 0-2 bliain, 3-4, 5-7, 8-9 agus 10-12 bliana.

Cabhrófar leis an leanbh má bhíonn an tuismitheoir réidh le scaoileadh leis/léi. Ócáid mhór don tuismitheoir freisin is ea an chéad lá! Má fheiceann an leanbh go bhfuil muinín agatsa as/aisti sa chúram nua seo, cabhair an-mhór is ea é sin maidir le socrú síos is a bheith ar a s(h)uaimhneas an chéad lá. De réir a cheile braithfidh an leanbh go bhfuiltear san áit cheart agus cuirfear le féinmhuinín. Ní tharlóidh sé seo thar oíche. Ní mór am agus foighne chuige i dtreo tacú leis an leanbh mar is cóir.

Foilseacháin NCSE do thuismitheoirí

D'fhoilsigh NCSE **Leabhrán Eolais do Thuismitheoirí Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta**, leabhrán ar **Scoil a Roghnú** agus **naoi mbileog eolais ar réimsí áirithe riachtanas oideachasúla speisialta**, a mhíníonn an tacaíocht atá ar fáil dóibh laistigh den chóras oideachais.

Cuimsíonn na bileoga eolais: míchumais ghinearálta foghlama; míchumais áirithe foghlama; deacrachtaí nó aicídí mothúcháin agus/nó iompair; míchumais fhisiciúla; dall/lagú radhairc; aicídí áirithe teanga agus urlabhra; bodhar/moill éisteachta agus an aicíd speictream uathachais. Tá bileog ann freisin a mhíníonn an scéim SNA.

Tá na leabhráin agus bileoga eolais ar fáil ón SENO áitiúil nó ar shuíomh an NCSE ag www.ncse.ie.

Tá leabhráin agus paimfléidí eolais do thuismitheoirí ar fáil ó na SENO nó ar shuíomh an NCSE.

Roghanna Socruithe do Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta

Is gnáthach do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta freastal ar an mbunscoil áitiúil i **rang lárshrutha** le scoláirí eile ar leibhéal chumais difriúla ach le tacaíocht bhreise de réir gá.

Bíonn leanaí eile ag a bhfuil riachtanais chasta oideachasúla ag freastal ar **rang speisialta** sa bhunscoil áitiúil lárshrutha. Bíonn an cóimheas daltaí múinteora níos ísle sna ranganna úd, mar shampla, i rang leanaí ag a bhfuil míchumas meánach foghlama beidh múinteoir amháin in aghaidh ocht scoláire. Ag brath ar a gcuid buanna agus cumas féin, d'fhéadfadh na scoláirí céanna cuid éigin den lá nó den tseachtain a chaitheamh istigh i rang lárshrutha.

De ghnáth is scoláirí ag a bhfuil riachtanais an-chasta speisialta a bhíonn ag freastal ar **scoileanna speisialta** mar nach mbeidís in ann déileáil le scoil lárshrutha fiú ar feadh cuid éigin den tseachtain. Sna scoileanna céanna bíonn na ranganna an-bheag ar fad.

Má bhíonn leanbh i rang luath-idirghabhála ASD, ní gá go gcaithfidh sé/sí dul ar aghaidh go rang speisialta sa bhunscoil. Ba chóir an cheist a phlé le cách lena mbaineann mar mhúinteoirí, lucht proifisiúnta FSS, príomh-oide na scoile, SENO.

Eagraíochtaí cabhracha

- SENO NCSE:** Trín scoil áitiúil nó ag: www.ncse.ie
- Ionad Sláinte:** www.hse.ie
- An Roinn Oideachais agus Scileanna:** www.education.ie
- An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
(NCCA) Curaclam Aistear:** www.ncca.ie/
- An Áisíneacht Náisiúnta
Litearthachta do Aosaigh (NALA)
Help My Kid Learn:** www.helpmykidlearn.ie
- National Parents Council
(Bunoideachas):** www.npc.ie
- Special Needs Parents Association:** www.specialneedsparents.ie
- Tusla:** www.tusla.ie
- Seirbhís Múinteoir Cuairte:** <http://www.education.ie/en/Parents/Services/Visiting-Teacher-Service>
(do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc nó bodhar/ar a bhfuil moill éisteachta)

